# Spraoi le Geochláir

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Scileanna Forbartha** | • eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, cearnóg, dronuilleog, ciorcal, línte, díreach, cuar, cuartha, taobh, geochlár, banda, cóipeáil, saghas, méid, difriúil |
| **Áiseanna** | geochláir, bandaí, Uirlis Gheochláir Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1. ### Gníomhaíocht 1

   Lig do na daltaí Geochláir Mol Mata nó fíor-gheochláir a úsáid le geochláir a fhiosrú. Tabhair an deis do dhaltaí eolas a chur ar fheidhmiúlacht an gheochláir fhíorúil nó cleachtadh a dhéanamh leis na bandaí rubair.

2. ### Gníomhaíocht 2

   Léiríonn an múinteoir triantán mór ar an Uirlis Gheochláir Mol Mata agus iarrann sé ar na daltaí triantán mór a dhéanamh ar a gcuid geochlár. Réitíonn daltaí an geochlár agus iarrtar orthu méideanna agus suíomhanna difriúla a úsáid leis an oiread triantán agus a thig leo a dhéanamh.

3. ### Gníomhaíocht 3

   Athdhéan Gníomhaíocht 2 ag úsáid cearnóg agus dronuilleog.

4. ### Gníomhaíocht 4

   Scairteann an múinteoir amach sraith treoracha agus leanann na daltaí iad le cruth a dhéanamh. Ceistíonn an múinteoir na daltaí faoin chruth a rinne siad.

5. ### Gníomhaíocht 5

   Déanann na daltaí dhá chruth dhifriúla ar a gcuid geochlár agus pléann siad na dóigheanna a bhfuil na cruthanna cosúil agus difriúil lena chéile. Roinneann na daltaí a gcruthanna ar an chlár bhán agus pléann an rang airíonna na gcruthanna.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cá mhéad triantán/cearnóg/dronuilleog a rinne tú?<br>• Cá mhéad banda a d'úsáid tú le gach cruth a dhéanamh?<br>• An bhfuil na triantáin uilig mar an gcéanna? Muna bhfuil, cad é mar atá siad difriúil?<br>• Cad iad na cruthanna a bhí deacair a dhéanamh? | • Cad iad na cruthanna a thig leat a dhéanamh ag úsáid 5 bhanda?<br>• Cad é mar atá an dá chruth difriúil? Cad é mar atá an dá chruth mar an gcéanna?<br>• Dá gcasfá do chruthanna, cén dóigh a n-athródh sé sin do chruthanna?<br>• Ainmnigh gach cruth agus mínigh an fáth a bhfuil an t-ainm ar eolas agat. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Cuir cruthanna ar fáil do na daltaí más gá.